CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/670 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Márta 2023

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27(1) de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Feabhra 2023 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann (ECB/2023/1) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) In 2016, roghnaigh Banc Ceannais na hÉireann Mazars mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2016 go 2020. An 15 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/2018 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Mazars mar iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann do na blianta airgeadais 2021 go 2022.

(3) Rachaidh sainordú Mazars mar iniúchóirí seachtracha reatha Bhanc Ceannais na hÉireann in éag tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2023 ar aghaidh.

(4) Tá Grant Thornton Ireland roghnaithe ag Banc Ceannais na hÉireann mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2023 go 2027, agus rogha ann an sainordú a shíneadh go dtí na blianta airgeadais 2028 agus 2029.

(5) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Grant Thornton Ireland mar iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann do na blianta airgeadais 2023 go 2027, agus an rogha ann an sainordú a shíneadh go dtí na blianta airgeadais 2028 agus 2029.

(6) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ([3]) ón gComhairle a leasú dá réir,

([1]) IO C 66, 23.2.2023, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/2018 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena leasítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann (IO L 413, 19.11.2021, lch. 1).

([3]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Leis seo, formheastar Grant Thornton Ireland mar iniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais na hÉireann do na blianta airgeadais 2023 go 2027.".

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL